RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1808 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2023

lena leagtar amach an teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2371, leagtar síos na sásraí agus na struchtúir chun ullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhordú, lena n-áirítear tuairisciú ar phleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha.

(2) De bhun Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2022/2371, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil nuashonraithe ar fáil don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha agus cur chun feidhme na bpleananna ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar na leibhéil idir-réigiúnacha thrasteorann faoin 27 Nollaig 2023 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

(3) Leagtar síos in Airteagal 7(1), an dara fomhír agus an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2022/2371, an fhaisnéis maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha a chuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 7(2)), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2022/2371, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas ar fáil don Choiste Slándála Sláinte gach 3 bliana i dtuarascáil a ullmhófar i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais. Áireofar sa tuarascáil sin próifílí tíortha maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sainaitheanta ar an leibhéal náisiúnta a bhféadfaidh an Coimisiún moltaí ginearálta a eisiúint ina leith agus torthaí an mheasúnaithe ar Airteagal 8 den Rialachán sin á meas.

(5) De bhun Airteagal 7(2), an dara fomhír agus an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2022/2371, bunaithe ar an tuarascáil sin, cuirfidh an Coimisiún tús le plé sa Choiste Slándála Sláinte maidir leis an dul chun cinn agus na bearnaí san ullmhacht. Tá forléargas ar mholtaí na tuarascála le foilsiú ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin agus ECDC.

(6) Le teimpléad an cheistneora atá le húsáid ag na Ballstáit agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin á soláthar acu, ba cheart a hábharthacht do na cuspóirí a shainaithnítear sa mhír sin agus a hinchomparáideacht a áirithiú, agus aon dúbláil ar an bhfaisnéis a iarrtar agus a chuirtear isteach á seachaint. Rinneadh an teimpléad a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Oibre um Ullmhacht an Choiste Slándála Sláinte le rannpháirtíocht ghníomhach thromlach na mBallstát, Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha an Choimisiúin, an ECDC, agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Rinneadh an teimpléad a ailíniú, nuair ab fhéidir, le Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) Thuarascáil Féinmheasúnaithe an Stáit Chonarthaigh (SPAR).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte,

([1]) IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar an teimpléad atá le húsáid ag na Ballstáit agus an fhaisnéis á soláthar acu maidir lena bpleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Clár Ábhar

A. Acmhainneachtaí na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) 2005 108

1. Ionstraimí beartais, dlí agus normatacha chun na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) 2005 a chur chun feidhme 108

2. Maoiniú 109

3. Saotharlann 110

4. Faireachas 113

5. Acmhainní daonna 114

6. Bainistiú i gcás éigeandáil sláinte 115

Bainistiú ar fhreagairt i dtaca le héigeandáil sláinte 115

Bainistiú lóistíochta agus an tslabhra soláthair i gcás éigeandála 118

7. Soláthar seirbhísí sláinte 121

8. Cumarsáid maidir le riosca 124

9. Pointí iontrála agus sláinte teorann 125

10. Galair zónóiseacha agus bagairtí de bhunús an chomhshaoil, lena n-áirítear galair mar gheall ar an aeráid 126

11. Teagmhais cheimiceacha 127

B. Acmhainneachtaí breise de réir Rialachán (AE) 2022/2371 129

12. Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (FSFM) agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gCúram Sláinte (HAInna) 129

FSFM 129

Ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte (HAInna) 134

13. Feidhmeanna comhordúcháin agus tacaíochta ar leibhéal an Aontais 135

14. Forbairt taighde agus meastóireachtaí chun eolas a dhéanamh don ullmhacht éigeandála agus dlús a chur léi 137

15. Eilimintí téarnaimh 139

16. Gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun feabhas a chur ar bhearnaí a aimsíodh i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha 139

C. Eile 141

A. Acmhainneachtaí na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) 2005

1. **Ionstraimí beartais, dlí agus normatacha chun na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) 2005 a chur chun feidhme**

	Ceist		Táscaire
A.1.1	Maidir le hionstraimí dlí do Bhallstáit maidir le pleanáil ullmhachta agus freagartha, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		leibhéal	
	Ní ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú ar fud leibhéil rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn éigeandáil sláinte poiblí	1	
	Ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú ar fud leibhéil rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn éigeandáil sláinte poiblí	2	
	Ní ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú ar fud leibhéil rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn éigeandáil sláinte poiblí. Ina theannta sin, ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú leis na hearnálacha atá freagrach as bonneagar criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí	3	
	Ní ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú ar fud leibhéil rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn éigeandáil sláinte poiblí. Ina theannta sin, ionchorpraítear le hionstraimí dlí comhordú leis na hearnálacha atá freagrach as bonneagar criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí. Thairis sin, tástáladh ullmhacht oibríochtúil na n-ionstraimí dlí sin le 3 bliana anuas	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tá sásra ann chun ionstraimí dlí a athbhreithniú agus a athmheas (más gá, bunaithe ar mholtaí ón tástáil)	5	
	— Más rud é gur leibhéal 5 atá i gceist: an bhfuil athbhreithniú déanta ag do thír ar na hionstraimí dlí le 3 bliana anuas? (tá/níl) — Má tá, déan naisc ábhartha a uaslódáil (roghnach do na Ballstáit): — Barúlacha breise:		
A.1.2	I gcás éigeandáil sláinte poiblí, an ndéanann ionstraimí dlí do thíre maidir le cur chun feidhme IHR 2005 próiseas cinnteoireachta soiléir a shannadh, a d'fhéadfadh a bheith comhdhéanta d'údarás amháin nó níos mó? (déanann/ní dhéanann/eile) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:		Ní bhaineann le hábhar (N/B)

2. **Maoiniú**

	Ceist		Táscaire
A.2.1	Maidir le pleanáil na mBallstát chun na hacmhainní airgeadais le haghaidh cistiúcháin theagmhasaigh a thástáil chun freagairt ar bhagairtí sláinte, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5 nó N/B
		leibhéal	
	Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt [ar leibhéal an stáit láir]	N/B	
	Níl aon phlean ann chun tástálacha a dhéanamh ar acmhainní airgeadais le haghaidh cistiúcháin theagmhasaigh chun freagairt ar bhagairtí sláinte sna 3 bliana amach romhainn	1	
	Tá pleananna ann chun tástálacha a dhéanamh ar acmhainní airgeadais le haghaidh cistiúcháin theagmhasaigh chun freagairt ar bhagairtí sláinte sna 3 bliana amach romhainn ach is ar bhonn ad hoc atá sé sin	2	
	Tá pleananna ann chun tástálacha a dhéanamh ar acmhainní airgeadais le haghaidh cistiúcháin theagmhasaigh chun freagairt ar bhagairtí sláinte agus tá sé sin le déanamh ar bhonn rialta	3	
	Rinneadh tástálacha ar acmhainní airgeadais le haghaidh cistiúcháin theagmhasaigh chun freagairt ar bhagairtí sláinte ar bhonn rialta agus tá siad fós á ndéanamh ar bhonn rialta	4	
	De réir leibhéal 4, agus, i dteannta leis sin, cuireadh moltaí ó na tástálacha chun feidhme agus rinneadh athbhreithniú agus athmheas ar phleananna comhfhreagracha	5	
	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir, mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an bhfuil bearnaí nó dúshláin ann* *Mura gcuirtear, mínigh:*		
A.2.2	An bhfuil nósanna imeachta tiomnaithe ag Aireacht Sláinte agus Aireacht Airgeadais do Bhallstáit chun beartais agus gníomhaíochtaí a chomhordú i gcás éigeandáil sláinte poiblí? (tá/níl/eile) — Más mian leat, tabhair tuilleadh eolais: (e.g., cruinnithe rialta, tascfhórsa comhpháirteach nó meitheal, treoirlínte, agus bearta rialála, etc.) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B

3. **Saotharlann**

	Ceist		Táscaire
A.3.1	Sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit maidir leis an acmhainneacht tástála saotharlainne a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon phlean ná eagraíocht ann chun ([1]) an acmhainneacht tástála saotharlainne a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí	1	
	Tá plean agus eagraíocht á bhforbairt chun an acmhainneacht tástála saotharlainne a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí	2	
	Tá plean agus eagraíocht ann chun an acmhainneacht tástála saotharlainne a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí, ach níor tástáladh an plean le 3 bliana anuas	3	
	Tá plean agus eagraíocht ann chun an acmhainneacht tástála saotharlainne a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí agus tástáladh an plean sin i dtástáil struis le 3 bliana anuas	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an gcóras dá réir	5	
	— Barúlacha breise:		
A.3.2	Sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit maidir le tástálacha nua bunaithe ar aimpliúchán aigéid núicléasaigh (NAATanna) agus córais saotharlainne oiriúnaithe ghaolmhara a chur chun feidhme i gcás ina dtiocfaidh pataigin nua chun cinn lena mbaineann an fhéidearthacht go gcruthófaí paindéim mar thoradh uirthi:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	I gcomhthéacs mo Bhallstáit, níorbh fhéidir NAATanna nua a chur chun feidhme agus córais saotharlainne ghaolmhara a oiriúnú laistigh de 6 mhí.	1	
	> 3 - 6 mhí	2	
	> 1 - 3 mhí	3	
	2 sheachtain – 4 seachtaine	4	
	< 2 sheachtain	5	
	— Barúlacha breise:		

([1]) Anseo, sa cheist seo tagraíonn eagraíocht do ghrúpa atá sainordaithe go hoifigiúil agus atá freagrach as an bplean éigeandála a chur chun feidhme

A.3.3	Sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit, i gcás éigeandáil sláinte poiblí lena mbaineann an fhéidearthacht go gcruthófaí paindéim mar thoradh uirthi a mbeadh gá ann dá réir le haghaidh tástáil ar mhórscála		Táscaire 1-5 nó N/B
		Leibhéal	
	Ní féidir le do Bhallstát freagra a thabhairt mar gheall ar dheacrachtaí chun acmhainneacht NAAT a chainníochtú de réir na leibhéal sin	N/B	
	I gcás éigeandáil sláinte poiblí agus i gcás ina bhfuil NAAT bailíochtaithe ar fáil, d'fhéadfaí seirbhísí tástála diagnóisí NAAT a mhéadú chun acmhainneacht tástála sheachtainiúil shamplach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do suas le 0.01 % den daonra i mo Bhallstát	1	
	I gcás éigeandáil sláinte agus i gcás ina bhfuil NAAT bailíochtaithe ar fáil, d'fhéadfaí seirbhísí tástála diagnóisí NAAT a mhéadú chun acmhainneacht tástála sheachtainiúil shamplach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do 0.01-0.1 % den daonra i mo Bhallstát	2	
	I gcás éigeandáil sláinte agus i gcás ina bhfuil NAAT bailíochtaithe ar fáil, d'fhéadfaí seirbhísí tástála diagnóisí NAAT a mhéadú chun acmhainneacht tástála sheachtainiúil shamplach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do 0.1-1 % den daonra i mo Bhallstát	3	
	I gcás éigeandáil sláinte agus i gcás ina bhfuil NAAT bailíochtaithe ar fáil, d'fhéadfaí seirbhísí tástála diagnóisí NAAT a mhéadú chun acmhainneacht tástála sheachtainiúil shamplach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do 1-2 % den daonra i mo Bhallstát	4	
	I gcás éigeandáil sláinte poiblí agus i gcás ina bhfuil NAAT bailíochtaithe ar fáil, d'fhéadfaí seirbhísí tástála diagnóisí NAAT a mhéadú chun acmhainneacht tástála sheachtainiúil shamplach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do suas le > 2 % den daonra i mo Bhallstát	5	
	— Más é N/B an freagra, déan an acmhainneacht NAAT a chainníochtú de réir do mholta féin: — Barúlacha breise:		
A.3.4	An bhfuil rochtain ag do Bhallstát ar fhoinsí breise acmhainneachta saotharlainne le haghaidh seirbhísí diagnóiseacha i gcás ina bhfuil gá le hacmhainneacht mhéadaithe (e.g. taighde nó saotharlanna tréidliachta, etc.)? (tá/níl/eile) — Má tá, cuir in iúl má tá sé sin amhlaidh trí chomhaontú foirmiúil nó ar bhonn *ad hoc*. — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:		N/B

A.3.5	An bhfuil an acmhainneacht ag do Bhallstát torthaí tástála saotharlainne a thuairisciú le haghaidh faireachas náisiúnta trí chóras tuairiscithe leictreonach? (tá/níl/eile) — Má tá, an bhfuil an córas tuairiscithe sin in ann faisnéis tástála mhéadaithe a bhainistiú? (tá/níl) — Má tá, an bhfuil an córas tuairiscithe sin in ann ionchur ó fhoinsí éagsúla acmhainneachtaí saotharlainne a chomhtháthú (e.g., taighde, ospidéil, saotharlanna tráchtála nó tréidliachta, etc.)? (tá/níl) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
A.3.6	Sonraigh cé acu an bhfuil rochtain ag do Bhallstát ar shaotharlanna ardrialaithe i.e. saotharlanna ar leibhéal bithsháibháilteachta 3 nó 4: An bhfuil rochtain ag do Bhallstát arshaotharlann ar leibhéal bithsháibháilteachta 3? (tá/níl/eile) — Mura bhfuil, an bhfuil comhaontú foirmiúil ag do Bhallstát le tír eile de chuid AE/LEE don tseirbhís sin? (tá/níl) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: An bhfuil rochtain ag do Bhallstát ar shaotharlannar leibhéal bithsháibháilteachta 4 (tá/níl/eile) — Mura bhfuil, an bhfuil comhaontú foirmiúil ag do thír le Ballstát eile de chuid AE/LEE don tseirbhís sin? (tá/níl) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*	N/B
A.3.7	An bhfuil an acmhainneacht ag do Bhallstát pataigin nua a thréithriú le Seicheamhú den Chéad Ghlúin Eile (NGS)? (tá/níl/eile) — Má tá, an ndéantar sonraí NGS le haghaidh faireachais náisiúnta a thuairisciú trí chóras leictreonach tuairiscithe? (tá/níl) — Mura ndéantar, an bhfuil socrú ag do thír le Ballstát eile? (tá/níl). — Má tá, sonraigh an Ballstát: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
A.3.8	An bhfuil saoráid ag do Bhallstát atá tiomnaithe d'fheistí nua-thionscanta a bhailíochtú chun an phataigin nua a dhiagnóisiú? (tá/níl/eile) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B

4. **Faireachas**

	Ceist		Táscaire
A.4.1	An gcumhdaíonn córas faireachais do Bhallstáit maidir le géar-ionfhabhtuithe riospráide gach leibhéal cúraim sláinte? (cumhdaíonn/ní chumhdaíonn/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B
A.4.2	An bhfuil na córais faireachais maidir le Géar-Ionfhabhtú Riospráide (ARI), Tinneas Fliú-Chineálach (ILI) agus Géar-Ionfhabhtuithe Trom Riospráide (SARI) uathoibrithe ([2]) i do Bhallstát féin? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B
A.4.3	An mbeadh córas faireachais do Bhallstáit maidir le hionfhabhtuithe riospráide in ann méadú le linn paindéime (i.e. an líon láithreán tuairiscithe, leithead na sonraí a bhaileofaí, tráthúlacht an tuairiscithe, etc. a mhéadú)? (bheadh/ní bheadh/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B
A.4.4	An bhfuil do Bhallstát in ann faireachán a dhéanamh ar na táscairí seo a leanas ar bhonn leanúnach agus do chríoch na tíre ar fad, le linn éigeandáil sláinte poiblí (i.e. acmhainneachtaí leathnaithe agus/nó suíomhanna nua á gcur san áireamh)?		N/B
		breithnítear/ní bhreithnítear	
	Acmhainneacht leapacha ospidéil		
	Acmhainneacht aonad dianchúraim ospidéil		
	Acmhainneacht seomraí éigeandála ospidéil		
	Úsáid ospidéil		
	Acmhainneacht tástála		
	Acmhainneacht rianaithe teagmhálaithe		
	Eile, déan cur síos air:		
	— Barúlacha breise:		
A.4.5	An bhfuil córas faireacháin fuíolluisce i bhfeidhm ag do thír le haghaidh pataiginí riospráide? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B
A.4.6	An bhfuil pleananna agus bonneagair ag do thír chun measúnú tráthúil agus leanúnach a dhéanamh ar bhagairt paindéime, i.e., chun measúnú a dhéanamh ar an méid a leanas:		N/B
		breithnítear/ní bhreithnítear	
	In-tarchurthacht, bealach an tarchuir, uimhir atáirgthe éifeachtach		
	Déine		

([2]) Tagraíonn uathoibriú don phróiseas faireachais a bheith leabaithe sa chóras soláthair cúraim sláinte le baint amach agus comhroinnt uathoibríoch faisnéise ábhartha, nó cineál eile uathoibrithe a laghdaíonn an spleáchas ar acmhainní daonna.

	Comhghaolaigh imdhíoneolaíocha cosanta		
	Éifeachtacht vacsaíne		
	Conairí eipidéimeacha agus tionchar trí shamhaltú matamaiticiúil		
	Eile, sonraigh:		
	— Barúlacha breise:		

5. **Acmhainní daonna**

	Ceist						Táscaire
A.5.1	I gcás éigeandáil sláinte poiblí maidir le borradh féideartha ar éileamh ar acmhainní daonna, sonraigh leibhéal do Bhallstáit:						Táscaire 1-5 nó N/B
			Seirbhísí ospidéil	Seirbhísí othar seachtrach um chúram príomhúil	Seirbhísí saotharlainne (lasmuigh d'ospidéil)	Seirbhísí sláinte poiblí eile	
	N/B	Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir					
	Leibhéal 1	Níl aon sásra ann chun borradh ar acmhainní daonna a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí					
	Leibhéal 2	Níl aon sásra ann chun borradh ar acmhainní daonna a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ach tá plean ann chun oibriú ar straitéis chun é a bheith ann sna 3 bliana amach romhainn					
	Leibhéal 3	Tá sásra ann chun borradh ar acmhainní daonna a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí, ach ní ionstraim oibríochtúil struchtúrtha é ná ní dhéantar é a nuashonrú go rialta					
	Leibhéal 4	Tá sásra ann chun borradh ar acmhainní daonna a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ina gcuimsítear ionstraim oibríochtúil struchtúrtha a dhéantar a nuashonrú go rialta agus ina gcuirtear oiliúint ar rannpháirtithe go tréimhsiúil					
	Leibhéal 5	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tástáltar an sásra sin chun a áirithiú go bhfuil sé ag feidhmiú					

	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir, mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh*	
A.5.2	Cuir in iúl cé acu an bhfuil comhaontuithe ag réigiúin laistigh de do Bhallstát maidir le tacaíocht acmhainní daonna a fháil/a mhalartú san earnáil sláinte i gcás riachtanais? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B

6. **Bainistiú i gcás éigeandáil sláinte**

Bainistiú ar fhreagairt i dtaca le héigeandáil sláinte

	Ceist		Táscaire
A.6.1	Maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit i gcás éigeandálaí sláinte poiblí, sonraigh an úsáideann do thír: — Plean cineálach [coisc, ullmhachta agus freagartha? (úsáideann/ní úsáideann) — Doiciméid choibhéiseacha? (úsáideann/ní úsáideann) — Má úsáideann, déan cur síos air: — Eile, déan cur síos ar:		N/B
A.6.2	Maidir le próifíliú riosca éigeandála sláinte agus pleananna freagartha eipidéime sonracha, sonraigh leibhéal do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon ghnáthphróifíliú riosca éigeandála sláinte ann maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte	1	
	Tá gnáthphróifíliú riosca éigeandála sláinte ann maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte	2	
	Tá gnáthphróifíliú riosca éigeandála sláinte ann maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus déantar é sin ar a laghad uair amháin gach 3 bliana	3	
	Tá gnáthphróifíliú riosca éigeandála sláinte ann maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, déantar é sin ar a laghad uair amháin gach 3 bliana agus forbraíodh plean/pleananna sonracha maidir leis na bagairtí sin	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, rinneadh na pleananna sin a thástáil agus a athbhreithniú de réir mar is gá	5	

<table>
<tr><td></td><td>— Barúlacha breise:
— Má tá leibhéal 2 nó os a chionn sin ann, cuir in iúl maidir le do Bhallstát cé acu an bhfuil plean i bhfeidhm aige lena dtugtar aghaidh ar infhaighteacht agus ar úsáid (i.e. forbairt, monarú, soláthar, stoc-charnadh agus dáileadh) frithbheart leighis a bhaineann go sonrach le bagairtí (MCManna) maidir leis an méid seo a leanas:
<table>
<tr><td></td><td>Forbairt (tá/níl)</td><td>Monaraíocht (tá/níl)</td><td>Soláthar (tá/níl)</td><td>Stoc-charnadh (tá/níl)</td><td>Dáileadh (tá/níl)</td><td>Eile:</td></tr>
<tr><td>Galair theagmhálacha lena mbaineann an fhéidearthacht go gcruthófaí eipidéim nó paindéim</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Bagairtí a bhaineann le ceimiceáin agus le bitheolaíocht</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Oibreáin atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí i gcás géarchéime</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>
— Má d'fhreagair tú 'tá' le ceann ar bith de na cinn thuas, sonraigh na gníomhairí is ábhar imní agus na MCManna gaolmhara:
I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála</td><td></td></tr>
<tr><td>A.6.3</td><td>Maidir le plean/pleananna freagartha eipidéime sonracha do Bhallstáit, sonraigh cén plean/cé na pleananna a forbraíodh agus, i gcás inar féidir, tabhair nasc chuig an bplean/na pleananna freagartha eipidéime sonracha:</td><td>N/B</td></tr>
<tr><td>A.6.4</td><td>Maidir leis an gCóras Bainistithe Teagmhas ar an leibhéal náisiúnta nó struchtúr coibhéiseach, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:
<table>
<tr><td></td><td>Leibhéal</td></tr>
<tr><td>Níl aon Chóras Bainistithe Teagmhas ann – ná córas coibhéiseach - a nascann an earnáil sláinte poiblí leis na hearnálacha a bhfuil baint acu le pleanáil ullmhachta agus freagartha maidir le sláinte</td><td>1</td></tr>
<tr><td>Níl aon Chóras Bainistithe Teagmhas ná córas coibhéiseach ann a nascann an earnáil sláinte poiblí leis na hearnálacha a bhfuil baint acu le pleanáil ullmhachta agus freagartha maidir le sláinte tá plean ann chun ceann a chruthú sna 3 bliana amach romhainn</td><td>2</td></tr>
<tr><td>Tá Córas Bainistithe Teagmhas nó córas coibhéiseach ann a nascann an earnáil sláinte poiblí leis na hearnálacha a bhfuil baint acu le pleanáil ullmhachta agus freagartha maidir le sláinte ach níor tástáladh é sin nó tástáladh é níos mó ná 3 bliana ó shin</td><td>3</td></tr>
<tr><td>Tá Córas Bainistithe Teagmhas nó córas coibhéiseach ann a nascann an earnáil sláinte poiblí leis na hearnálacha a bhfuil baint acu le pleanáil ullmhachta agus freagartha maidir le sláinte agus tástáladh é sin le 3 bliana anuas</td><td>4</td></tr>
<tr><td>De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tá sé d'acmhainneacht ag an gCóras Bainistithe Teagmhas a struchtúr/ordlathas ceannais agus rialaithe a oiriúnú (e.g. a chomhdhéanamh, ag brath ar chineál teagmhais fhéideartha)</td><td>5</td></tr>
</table>
— Barúlacha breise:</td><td>Táscaire 1-5</td></tr>
</table>

A.6.5	Maidir le cur chun feidhme agus meastóireacht ar bhearta sláinte poiblí agus sóisialta agus i gcás éigeandáil sláinte poiblí, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon sásra ann chun cinnteoireacht a dhéanamh maidir le cur chun feidhme bearta sláinte poiblí agus sóisialta le linn éigeandáil sláinte poiblí	1	
	Tá sásra i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht maidir le cur chun feidhme bearta sláinte poiblí agus sóisialta le linn éigeandáil sláinte poiblí, ach níl an cineál ildisciplíneach agus trasearnála sainithe go hiomlán	2	
	Tá sásra ann chun bearta sláinte poiblí agus sóisialta a chur chun feidhme le linn éigeandáil sláinte poiblí agus tá an cineál ildisciplíneach agus trasearnála sainithe go hiomlán	3	
	Tá sásra ann chun bearta sláinte poiblí agus sóisialta a chur chun feidhme le linn éigeandáil sláinte poiblí, atá ildisciplíneach agus trasearnála agus lena n-áirítear forálacha chun tráthúlacht agus éifeachtacht Bearta Cosanta Pearsanta a mheas	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tástáladh é sin le 3 bliana anuas	5	
	— Barúlacha breise:		
A.6.6	Maidir le forálacha i ndáil le cabhair fhrithpháirteach trasteorann sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5 nó N/B
		Leibhéal	
	Ní féidir an cheist a fhreagairt mar nach bhfuil plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha ag an mBallstát	N/B	
	Ní áirítear cabhair fhrithpháirteach trasteorann sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha	1	
	Áirítear leis an bplean ullmhachta agus freagartha nó leis an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha cabhair fhrithpháirteach trasteorann	2	
	Áirítear leis an bplean ullmhachta agus freagartha nó leis an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha cabhair fhrithpháirteach trasteorann, agus tástáladh é sin le Ballstát amháin ar a laghad	3	
	Áirítear leis an bplean ullmhachta agus freagartha nó leis an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha cabhair fhrithpháirteach trasteorann, agus tástáladh é sin le Ballstát amháin ar a laghad agus tugadh cothrom le dáta é i gcás inarb ábhartha	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, rinneadh faisnéis a bhaineann leis an gcabhair fhrithpháirteach trasteorann chomh maith le torthaí na tástála a roinnt laistigh den Choiste Slándála Sláinte	5	
	— Barúlacha breise: — Má tá leibhéal 2 nó níos airde ann, liostaigh an cineál cabhrach frithpháirtí trasteorann a áirítear agus le cé acu Ballstát:		
	Tír/Grúpáil an Bhallstáit (sonraigh):	Cineál cabhrach frithpháirtí trasteorann (sonraigh):	
	— Má tá leibhéal 3 nó níos airde ann, liostaigh na Ballstáit agus an cineál cabhrach frithpháirtí trasteorann a tástáladh:		
	Tír/Grúpáil tíortha (sonraigh):	Cineál cabhrach frithpháirtí trasteorann (sonraigh):	

	An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir, mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin) — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh:*	
A.6.7	An áirithíonn plean ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha sásraí comhordúcháin náisiúnta sonracha maidir [1] ([3]) le hullmhacht agus freagairt i gcás ina mbíonn cás scaoilte d'aon ghnó ann? (áirithíonn/ní áirithíonn/eile) — Má áirithíonn, an bhfuil an struchtúr rialachais le haghaidh freagartha - idir an earnáil sláinte agus earnálacha criticiúla eile chun an fhreagairt a bhainistiú - soiléir agus sainithe? (tá/níl) — Má tá, cuir in iúl cé acu earnáil atá i gceannas ar an bhfreagairt: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*	N/B

Bainistiú lóistíochta agus an tslabhra soláthair i gcás éigeandála

	Ceist		Táscaire
Éileamh agus soláthar MCManna criticiúla			
A.6.8	Ar shainaithin do Bhallstát MCManna criticiúla maidir le hullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte? (shanaithin/níor shanaithin/eile) — Má shainaithin, an bhfuil liosta ann? (tá/níl) — Má tá, soláthair hipearnasc nó an liosta féin. *(Cuir san áireamh hipearnasc de na MCManna sin atá rangaithe de réir bagairtí sonracha, más infheidhme.)* — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*		N/B
A.6.9	Maidir le beartais nó pleananna náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus chun meastachán a dhéanamh ar éileamh MCManna criticiúla, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon bheartas ná plean náisiúnta réamh-mheasta ann chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus chun meastachán a dhéanamh ar éileamh MCManna criticiúla	1	

([3]) Tagraíonn sé sin don chomhordú idir earnálacha amhail slándáil, ceartas, cosaint agus cosaint shibhialta lena gceadaítear sásra sonrach chun scaoileadh d'aon ghnó a ullmhú agus freagairt dó.

	Tá beartais nó pleananna náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus chun meastachán a dhéanamh ar éileamh MCManna criticiúla á mbreithniú	2	
	Níl aon bheartas ná plean náisiúnta réamh-mheasta ann chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus chun meastachán a dhéanamh ar éileamh MCManna criticiúla	3	
	Tá beartais nó pleananna náisiúnta ann chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus ar mheastachán ar éileamh ar MCManna criticiúla, a dhéantar a athbhreithniú, a mheas agus a nuashonrú ar bhonn rialta	4	
	Tá beartais nó pleananna náisiúnta ann chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus ar mheastachán ar éileamh ar MCManna criticiúla, a dhéantar a athbhreithniú, a mheas agus a nuashonrú ar bhonn rialta lena n-áirítear anailís ar bhearnaí ar sholáthar agus ar éileamh	5	
	— Má tá, soláthair sonraí maidir leis an gcaoi a ndéanann na beartais agus na pleananna náisiúnta faireachán ar sholáthar agus ar mheastachán ar éileamh: — Barúlacha breise:		
A.6.10	Maidir le forálacha a áireamh sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sna sásraí coibhéiseacha chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon fhoráil réamh-mheasta sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sna sásraí coibhéiseacha chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú	1	
	Tá forálacha sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sa sásra coibhéiseach chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú á mbreithniú	2	
	Tá forálacha sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sa sásra coibhéiseach chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú. Mar sin féin, níl na forálacha sin curtha chun feidhme go fóill	3	
	Tá forálacha sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sa sásra coibhéiseach chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú. Mar sin féin, níl ach cuid acu curtha chun feidhme nó á gcur chun feidhme	4	
	Tá forálacha sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha nó sa sásra coibhéiseach chun leochaileachtaí slabhra soláthair MCManna criticiúla a mhaolú. Cuirtear na forálacha sin go léir chun feidhme	5	
	— Má chuirtear, tabhair sonraí faoi na beartais náisiúnta: — Barúlacha breise:		

Táirgeadh MCManna				
A.6.11	Sonraigh na MCManna criticiúla dá dtagraítear i gceist A.6.8 a tháirgtear i do Bhallstát faoi láthair mar seo a leanas:			N/B
	Cineál táirge	Faisnéis faoin táirge (má tá amhábhair nó comhpháirteanna ann, cuir faisnéis leis freisin maidir leis na MCManna a bhfuil gá leis na táirgí ina leith)	Faisnéis faoin oibreoir eacnamaíoch lena n-áirítear an seoladh	
	Táirgeadh iomlán lena n-áirítear amhábhair/ comhpháirteanna/comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APInna)			
	Táirgí críochnaithe, sainaithin an MCM, táirgeoir an táirge chríochnaithe agus soláthróirí criticiúla (lena n-áirítear an suíomh) ar a bhfuil an táirgeadh ag brath			
	Amhábhair chriticiúla/comhpháirteanna/APInna MCManna a tháirgeadh: sainaithin an táirgeoir agus na MCManna ábhartha a dteastaíonn na hábhair sin uathu dá phróiseas monaraíochta.			
	— Barúlacha breise: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*			
A.6.12	An bhfuil socruithe reatha nó beartaithe ag do Bhallstát chun a áirithiú gur féidir monarú MCManna atá ábhartha i gcás géarchéime a mhéadú ar bhealach tráthúil le linn géarchéime, mar shampla trí chonarthaí áirithinte táirgí nó acmhainneachta nó sásra eile? (tá/níl/eile) — Más mian leat, tabhair liosta de MCManna sonracha agus den chineál socrúcháin: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*			N/B
Stoc-chairn straitéiseacha ([4])				
A.6.13	An bhfuil stoc-chairn straitéiseacha náisiúnta MCManna ag do Bhallstát? (tá/níl/eile) — Má tá, sonraigh: — cé na MCManna a chumhdaítear leis an stoc-charn sin: — cineál stoc-chairn (fíorúil/fisiceach): — méid an stoic — Má tá, sonraigh conas a bhainistíonn tú do stoc-charn agus má tá ceanglais ann maidir le himscaradh na MCManna a choinnítear laistigh den stoc-charn: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *I gcomhréir le hAirteagal 346(1) den Chonradh, ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála*			N/B

([4]) Anseo, sa cheist seo tagraíonn eagraíocht do ghrúpa atá sainordaithe go hoifigiúil agus atá freagrach as an bplean éigeandála a chur chun feidhme

7. **Soláthar seirbhísí sláinte**

<table>
<tr><th></th><th colspan="6">Ceist</th><th>Táscaire</th></tr>
<tr><td>A.7.1</td><td colspan="6">An ndéantar foráil i bplean coisc, ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit nó i ndoiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha do mheasúnú fadbhreathnaitheachta ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag éigeandáil sláinte ar leanúnachas seirbhísí cúraim sláinte? (déantar/ní dhéantar/eile)
— Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:</td><td>N/B</td></tr>
<tr><td>A.7.2</td><td colspan="6">I gcás éigeandáil sláinte poiblí san áit ina bhfuil méadú ar an éileamh ar sholáthar cúraim sláinte agus laghdú féideartha ar an bhfoireann cúraim sláinte, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:
<table><tr><th></th><th></th><th>Seirbhísí ospidéil</th><th>Seirbhísí othar seachtrach um chúram príomhúil</th><th>Seirbhísí saotharlainne (lasmuigh d'ospidéil)</th><th>Seirbhísí sláinte poiblí eile</th></tr><tr><td>N/B</td><td>Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Leibhéal 1</td><td>Níl plean oibríochtúil tiomnaithe ag do Bhallstát maidir le leanúnachas na seirbhíse cúraim sláinte</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Leibhéal 2</td><td>Tá plean oibríochtúil tiomnaithe ag do Bhallstát maidir le leanúnachas na seirbhíse cúraim sláinte</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Leibhéal 3</td><td>Tá plean oibríochtúil tiomnaithe ag do Bhallstát maidir le leanúnachas na seirbhíse cúraim sláinte, ach níor tástáladh é le 3 bliana anuas</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Leibhéal 4</td><td>Tá plean oibríochtúil tiomnaithe ag do Bhallstát maidir le leanúnachas na seirbhíse cúraim sláinte, agus tástáladh é le 3 bliana anuas</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Leibhéal 5</td><td>De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, cuireadh moltaí ón tástáil chun feidhme agus rinneadh athbhreithniú agus athmheas ar an bplean oibríochtúil</td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr></table>— Má tá leibhéal 2 nó os a chionn sin ann, cuir in iúl má tá sásra ann maidir le tosaíocht/solúbthacht sholáthar na seirbhíse sláinte chun leanúnachas leordhóthanach cúraim a áirithiú? (tá/níl/eile)
— Má tá, an sásra buan nó an sásra ad hoc é sin?
— Má tá, ar tástáladh an sásra le 3 bliana anuas agus an bhfuil foráil ann maidir le tástáil rialta?
— Más freagra diúltach a thugtar, tabhair tuairisc ar an bhfáth:
— Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:</td><td>Táscaire 1-5 nó N/B</td></tr>
</table>

	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh*	
A.7.3	Cuir in iúl má áirithíonn do Bhallstát comhordú maidir le bainistiú géarchéime idirdhisciplíneach idir gníomhaithe uile an chórais cúraim sláinte (e.g., seirbhísí ospidéil, seirbhísí tarrthála, seirbhísí sláinte poiblí eile, seirbhísí cúraim phríomhúil d'othair sheachtracha, cógaslanna, seirbhísí saotharlainne, seirbhísí altranais/athshlánaithe)? (áirithíonn/ní áirithíonn/eile) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
A.7.4	Maidir le pleananna leanúnachais gnó do sholáthraithe cúraim sláinte do Bhallstáit i gcás teagmhas suaiteach, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do thíre:	Táscaire 1-5 nó N/B

	Leibhéal	
Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt [ar leibhéal an stáit láir	N/B	
Níl aon treoir/aon mholadh náisiúnta ann maidir le pleananna leanúnachais gnó (nó a choibhéisí amhail pleananna teagmhasacha) chun leanúnachas na seirbhísí cúram sláinte a áirithiú	1	
Tá treoir/moltaí náisiúnta ann maidir le pleananna leanúnachais gnó (nó a gcoibhéisí amhail pleananna teagmhasacha) chun leanúnachas na seirbhísí cúraim sláinte a áirithiú	2	
Tá treoir/moltaí náisiúnta ann maidir le pleananna leanúnachais gnó (nó a gcoibhéisí amhail pleananna teagmhasacha) chun a áirithiú go ndearnadh leanúnachas na seirbhísí cúram sláinte agus na treorach/na moltaí le 3 bliana anuas a athbhreithniú agus a athmheas	3	
Tá treoir/moltaí náisiúnta ann maidir le pleananna leanúnachais gnó (nó a gcoibhéisí amhail pleananna teagmhasacha) chun a áirithiú go ndearnadh leanúnachas na seirbhísí cúraim sláinte agus na treorach/na moltaí le 3 bliana anuas a athbhreithniú ag baint úsáid as cur chuige il-earnála	4	
De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, cuireann gach seirbhís cúraim sláinte an treoir/na moltaí náisiúnta maidir le pleananna leanúnachais gnó chun feidhme	5	

	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh*	

A.7.5	Cuir in iúl má cheanglaíonn do Bhallstát ar ospidéil foláireamh ospidéil agus plean freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid ([5]) choibhéiseacha a bheith acu chun a bheith ullamh le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'acmhainneacht agus feidhm ospidéil? (ceanglaíonn/ní cheanglaíonn/eile) — Má cheanglaíonn, cuir in iúl má tá treoracha sna pleananna maidir le conas cúram othar a chaomhnú i gcás ganntanais (pearsanra leighis, stoc-charn leighis, saoráidí cóireála) nó cliseadh teicniúil (e.g., fuinneamh, uisce, TF): — Má tá, cuir in iúl má dhéantar na pleananna nó an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha sin a thástáil ar bhonn rialta: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh:*	N/B
A.7.6	An bhfuil an acmhainneacht ag do Bhallstát seirbhísí sláinte atá ar fáil láithreach a mhapáil i gcás éigeandáil sláinte poiblí? (tá/níl/eile) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
A.7.7	An bhfuil comhaontuithe agus/nó forálacha maidir le haistriú leighis othar agus/nó foirne leighis soghluaiste le tíortha eile san áireamh i bplean coisc, ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit nó i ndoiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha do Bhallstáit? (tá/níl/eile) — Má tá, liostáil na tíortha lena mbaineann: — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B

([5]) Amhail freagairt an ospidéil agus an plean oibríochtúil

8. **Cumarsáid maidir le riosca**

	Ceist		Táscaire
A.8.1	I ndáil le cumarsáid maidir le riosca, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do thíre:		Táscaire 1-5 nó N/B
		leibhéal	
	Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir	N/B	
	Níl aon phlean maidir le cumarsáid riosca náisiúnta nó rannóg maidir le cumarsáid riosca ar leithligh ann mar chuid de phlean ullmhachta agus freagartha nó níl doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm agus tá sásraí maidir le cumarsáid phoiblí ann ar bhonn ad hoc agus ní áirítear leo ach fócas traidisiúnta ar na meáin	1	
	Tá plean nó rannóg maidir le cumarsáid riosca náisiúnta ar leithligh i bplean ullmhachta agus freagartha nó i ndoiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha á bhforbairt agus tá sásraí maidir le cumarsáid phoiblí ar bhonn ad hoc agus áirítear leo meáin thraidisiúnta a bhfuil fócas íosta acu ar líne agus ar na meáin shóisialta	2	
	Tá cumarsáid maidir le riosca náisiúnta i bhfeidhm mar rannóg shainithe laistigh de phlean ullmhachta agus freagartha nó laistigh de dhoiciméad coibhéiseach/de dhoiciméid choibhéiseacha agus áirítear léi fócas traidisiúnta ar na meáin agus ar líne agus ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, tá anailís ann ar sprioclucht féachana agus ar bhealaí cumarsáide is fearr chun idirghabhálacha maidir le cumarsáid riosca a threorú	3	
	Tá plean maidir le cumarsáid riosca náisiúnta tiomnaithe ar leithligh i bhfeidhm agus áirítear leis fócas traidisiúnta ar na meáin agus ar líne agus ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, tá anailís ann ar sprioclucht féachana agus ar bhealaí cumarsáide is fearr chun idirghabhálacha maidir le cumarsáid riosca a threorú. Thairis sin, tá for-rochtain réamhghníomhach ann trí bhealaí éagsúla (e.g. beolíne, córais ghearáin, éisteacht shóisialta), déantar faireachán laethúil ar na meáin ar líne agus as líne chun aiseolas agus léargais a fháil agus úsáidtear sonraí chun straitéisí maidir le cumarsáid riosca a choigeartú agus a fheabhsú	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tástáladh an plean cumarsáide maidir le riosca náisiúnta le 3 bliana anuas	5	
	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir, mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh:*		
A.8.2	An áirítear sa phlean maidir le cumarsáide riosca atá ag do Bhallstáit céim thiomnaithe chun comhordú a dhéanamh in idirchaidreamh leis an gCoiste Slándála Sláinte ar an gcumarsáid riosca agus géarchéime a bhaineann le bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte? (áirítear/ní áirítear/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B

9. **Pointí iontrála agus sláinte teorann**

	Ceist					Táscaire
A.9.1	Maidir le pleananna teagmhasacha i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí do Bhallstáit ag na pointí iontrála arna n-ainmniú go náisiúnta, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:					Táscaire 1-5
			Calafoirt	Aerfoirt	Crosairí Talún	
	Leibhéal 1	Níl aon ionstraim oibríochtúil ag an bplean teagmhasach maidir le héigeandáil sláinte poiblí arna n-ainmniú go náisiúnta ag na pointí iontrála chun comhroinnt sonraí/faisnéise maidir le sláinte a bhaineann le taisteal a éascú agus tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta				
	Leibhéal 2	Tá ionstraimí oibríochtúla ag an bplean teagmhasach maidir le héigeandáil sláinte poiblí arna n-ainmniú go náisiúnta ag na pointí iontrála chun comhroinnt sonraí/faisnéise maidir le sláinte a bhaineann le taisteal a éascú agus tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta				
	Leibhéal 3	Níl aon ionstraim oibríochtúil ag an bplean teagmhasach maidir le héigeandáil sláinte poiblí arna n-ainmniú go náisiúnta ag na pointí iontrála chun comhroinnt sonraí/faisnéise maidir le sláinte a bhaineann le taisteal a éascú agus tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus tástáladh é sin le trí bliana anuas				
	Leibhéal 4	Tá ionstraimí oibríochtúla ag an bplean teagmhasach maidir le héigeandáil sláinte poiblí arna n-ainmniú go náisiúnta ag na pointí iontrála chun comhroinnt sonraí/faisnéise maidir le sláinte a bhaineann le taisteal a éascú agus tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus tástáladh é sin le trí bliana anuas. Ina theannta sin, tá ionstraimí oibríochtúla ar an leibhéal náisiúnta freisin chun comhroinnt na faisnéise sin a éascú d'earnálacha náisiúnta eile ([6]) agus do thríú páirtithe e.g. an EDS agus an Córas Freagartha Luathrabhaidh (EWRS)				
	Leibhéal 5	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tástáladh é sin le 3 bliana anuas				
	— Barúlacha breise:					

([6]) Féadfar a áireamh leis sin na hearnálacha sláinte, cosanta sibhialta agus rialaithe teorann chun bearta tiomnaithe a chur chun feidhme, más gá, amhail coraintín, scagadh, Bearta Cosanta Pearsanta, etc.

A.9.2	Maidir le cur chun feidhme agus meastóireacht ar bhearta idirnáisiúnta a bhaineann le taisteal, sonraigh an méid seo a leanas: — Má tá tástáil déanta le 3 bliana anuas ar chur chun feidhme beart a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta ag Pointe Iontrála amháin ar a laghad arna ainmniú go náisiúnta (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — Má tá céim thiomnaithe ann le plé leis an gCoiste Slándála Sláinte sula gcuirtear bearta a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta chun feidhme? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B

10. **Galair zónóiseacha agus bagairtí de bhunús an chomhshaoil, lena n-áirítear galair mar gheall ar an aeráid**

	Ceist		Táscaire
A.10.1	Maidir le cur chun feidhme do thíre i ndáil le hAon Sláinte Amháin dá dtagraítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) 2022/2371, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5 nó N/B
		Leibhéal	
	Ní féidir an cheist a fhreagairt mar nach bhfuil plean ullmhachta agus freagartha ná doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha ag an mBallstát	N/B	
	Níl aon chur chuige Aon Sláinte Amháin sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha	1	
	Tá cur chuige i ndáil le hAon Sláinte Amháin á fhorbairt sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha ach níor bunaíodh comhordú ar an bhfaireachas idir sláinte ainmhithe, sláinte phoiblí agus earnálacha an chomhshaoil agus sásraí maidir le comhroinnt faisnéise	2	
	Tá cur chuige i bhfeidhm maidir le hAon Sláinte Amháin sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha agus bunaíodh comhordú ar an bhfaireachas idir sláinte ainmhithe, sláinte phoiblí agus earnálacha an chomhshaoil agus sásraí maidir le comhroinnt faisnéise	3	
	Tá cur chuige i ndáil le hAon Sláinte Amháin i bhfeidhm sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha agus bunaíodh comhordú ar an bhfaireachas idir sláinte ainmhithe, sláinte phoiblí agus earnálacha an chomhshaoil agus sásraí maidir le comhroinnt faisnéise. Ina theannta sin, tástáladh é sin le 3 bliana anuas	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, déantar faireachán agus athbhreithniú ar a chur chun feidhme ar bhonn rialta	5	
	— Barúlacha breise: — Más tá sé ar leibhéal 2 nó os a chionn sin: — cuir in iúl má tá comhordú ar an bhfaireachas idir dhá cheann as na trí earnáil (sláinte ainmhithe, sláinte phoiblí agus an comhshaol) agus sásraí maidir le comhroinnt faisnéise sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha? (tá/níl/eile) — Má tá, léirigh na hearnálacha lena mbaineann: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		

	— cuir in iúl má tá aon chlár oiliúna comhpháirteach forbartha agat do ghairmithe Aon Sláinte Amháin (earnálacha na sláinte ainmhithe, na sláinte poiblí agus an chomhshaoil) maidir le zónóisí a chosc, a bhrath agus a fhreagairt? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — cuir in iúl más amhlaidh go bhfuil treoirlíne forbartha agat maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint don phobal maidir le héin fhiáine bhreoite agus/nó mharbha agus ainmhithe eile a aimsiú? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — cuir in iúl má tá liosta de ghalair zónóiseacha tosaíochta ann chun críocha faireachais? (tá/níl/eile) — Má tá, liostáil an galar zónóiseach tosaíochta: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	
A.10.2	— An gcomhtháthaíonn do Bhallstáit forálacha maidir le héifeachtaí iarbhír nó réamh-mheasta an athraithe aeráide ar ghalair zónóiseacha (comhtháthaíonn/ní chomhtháthaíonn/eile) Má chomhtháthaíonn, tabhair tuilleadh eolais faoi na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann agus faoi aon fhoráil thiomnaithe maidir le hullmhacht agus freagairt don tsláinte Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
A.10.3	— An gcomhtháthaíonn do Bhallstát forálacha maidir le tionchair iarbhír nó réamh-mheasta teagmhas adhaimsire (amhail tonnta teasa, tuilte nó – go hindíreach – falscaí) ar an tsláinte phoiblí (comhtháthaíonn/ní chomhtháthaíonn/eile) Má chomhtháthaíonn, tabhair tuilleadh eolais faoi na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ann agus faoi aon fhoráil thiomnaithe maidir le hullmhacht agus freagairt don tsláinte: Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	

11. **Teagmhais cheimiceacha**

	Ceist		Táscaire
A.11.1	Maidir le bainistiú ar bhagairt ar an tsláinte de bhunús ceimiceach, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do thíre:		Táscaire 1-5 nó N/B
		Leibhéal	
	Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir	N/B	
	Níl aon phlean ullmhachta agus freagartha ar leithligh ann maidir le ceimiceáin nó aon doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha ann, ná ní áirítear é sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad/sna doiciméid choibhéiseacha	1	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha ann maidir le ceimiceáin nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha ann agus/nó tá sé san áireamh sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad/sna doiciméid choibhéiseacha	2	
	Tá an plean ullmhachta agus freagartha ann maidir le ceimiceáin nó an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm agus meastar agus sainaithnítear róil agus freagrachtaí chomh maith le mórshuímh ghuaise	3	

	Tá an plean ullmhachta agus freagartha ann maidir le ceimiceáin nó an doiciméad coibhéiseach/na doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm agus meastar agus sainaithnítear róil agus freagrachtaí chomh maith le mórshuímh ghuaise. Ina theannta sin, tástáladh an plean freagartha maidir le ceimiceáin nó an chaibidil sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha trí chleachtadh ionsamhlúcháin le 3 bliana anuas	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, cuireadh moltaí ón tástáil/ó na tástálacha chun feidhme agus rinneadh athbhreithniú agus athmheas ar phleananna comhfhreagracha	5	
	— Barúlacha breise: *An amhlaidh nach féidir le do Bhallstát an cheist sin a fhreagairt ar leibhéal an stáit láir, mar gheall ar chreataí rialachais agus reachtacha? (is fíor sin)* — *Sa chás sin, sonraigh cé acu an seoltar moltaí/treoirlínte ar an leibhéal náisiúnta chuig údaráis réigiúnacha (seoltar/ní sheoltar)* — *Má sheoltar, cuir in iúl má tá a fhios agat ar an leibhéal lárnach an gcuirtear na moltaí/treoirlínte sin chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus cé acu an sainaithnítear bearnaí nó dúshláin ann:* — *Mura gcuirtear, mínigh*		
A.11.2	An bhfuil nósanna imeachta ag do Bhallstát maidir le measúnú ar riosca sláinte i gcás bagairt sláinte ó thionscnamh ceimiceach? (tá/níl/eile) — Má tá, déan cur síos air: — Más freagra diúltach a thugtar, déan cur síos ar an bhfáth: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B
A.11.3	An bhfuil treoirlínte ar fáil ag do Bhallstát maidir le: — Faireachas ar imeachtaí ceimiceacha agus nimhiú/tocsaineacht? (tá/níl/eile) — Má tá, déan cur síos air: — Más freagra diúltach a thugtar, déan cur síos ar an bhfáth: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — Measúnú ar imeachtaí ceimiceacha agus nimhiú/tocsaineacht? (tá/níl/eile) — Má tá, déan cur síos air: — Más freagra diúltach a thugtar, déan cur síos ar an bhfáth: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — Bainistiú ar imeachtaí ceimiceacha agus nimhiú/tocsaineacht? (tá/níl/eile) — Má tá, déan cur síos air: — Más freagra diúltach a thugtar, déan cur síos ar an bhfáth: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:		N/B

12. **Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (FSFM) agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gCúram Sláinte (HAInna)**

FSFM

	Ceist		Táscaire
B.12.1	**Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Aon Sláinte Amháin maidir le FSFM** Chun dúbailt iarrachtaí a sheachaint, beidh an Coimisiún agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ag brath ar ionchuir a dhéantar chuig an EDS maidir leis an Suirbhé Féinmheasúnaithe Tíre um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha a Rianú (TrACSS) ([7])[7]. Dá bhrí sin, measfar tuairisciú náisiúnta chuig TrACSS mar chuid den mheasúnú faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2371 Uaslódáil i bhformáid pdf an aighneacht TrACSS is déanaí ó do Bhallstát chuig an EDS. Maidir leis an bplean gníomhaíochta náisiúnta (NAP) ar FSFM, an raibh aon nuashonrú ann ón uair dheireanach a thuairiscigh do thír chuig TrACSS? — Níl — Tá (sonraigh sa téacs oscailte)		N/B
B.12.2	**Acmhainní** Cad iad na hacmhainní a leithdháiltear ar chur chun feidhme an NAP ar FSFM?		N/B
		Leibhéal	
	Níl ach fíorbheagán acmhainní (buiséad agus acmhainní daonna) ar fáil chun an NAP a chur chun feidhme.	1	
	Níl aon acmhainn shonrach ar fáil, agus cuirtear cur chun feidhme ar iontaoibh acmhainní (buiséad agus acmhainní daonna) na bpáirtithe leasmhara náisiúnta/réigiúnacha (e.g. údaráis inniúla ábhartha atá freagrach as sláinte, talmhaíocht, comhshaol, etc.) a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an NAP	2	
	Is féidir rochtain a fháil ar chistiú nach bhfuil curtha in áirithe le haghaidh gníomhaíochtaí AMR ó chistí náisiúnta/réigiúnacha agus is féidir é a úsáid chun an NAP a chur chun feidhme	3	
	Tá cistiú sonrach atá curtha in áirithe le haghaidh gníomhaíochtaí AMR ar fáil ó chistí náisiúnta/réigiúnacha agus úsáidtear é chun an NAP a chur chun feidhme	4	
	Déantar cur chun feidhme an NAP a chostáil agus a mhaoiniú go hiomlán trí línte buiséid tiomnaithe ó chistí náisiúnta/réigiúnacha.	5	
	— Barúlacha breise:		

([7]) https://www.who.int/publications/m/item/tripartite-amr-country-self-assessment-survey—tracss-(6.0)-2022

B.12.3	**Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn** An bhfuil táscairí nó spriocanna náisiúnta ag do Bhallstát chun dul chun cinn náisiúnta maidir le AMR (lena n-áirítear tomhaltas/úsáid fhrithmhiocróbach) agus/nó HAInna a thomhas? Tabhair tuairisc ar na táscairí/spriocanna nó hipearnasc chuig an áit ar féidir iad a fháil sa roinn barúlacha.	Táscaire 1-5
	Leibhéal	
	Níl, níl táscaire náisiúnta, nó sprioc náisiúnta ann chun dul chun cinn maidir le AMR (lena n-áirítear tomhaltas/úsáid fhrithmhiocróbach) agus/nó HAInna sa tír a thomhas: 1	
	Tá pleananna ann chun táscairí náisiúnta agus/nó spriocanna náisiúnta a chur ar bun, agus beidh siad sin i bhfeidhm go luath amach anseo: 2	
	Tá táscairí náisiúnta ann, cosúil leis na táscairí atá ar fáil ar fud an domhain (e.g. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus an EDS, etc.), ach níl spriocanna ag gabháil leo: 3	
	Tá, tá táscairí náisiúnta ann lena gcumhdaítear AMR (lena n-áirítear tomhaltas/úsáid fhrithmhiocróbach) agus/nó HAInna ag a bhfuil spriocanna náisiúnta nithiúla atá le baint amach faoi thréimhse ama áirithe, agus déantar athbhreithniú ar an dul chun cinn go rialta ach níl sé sin nasctha le cuspóirí NAP maidir le AMR: 4	
	Tá, tá táscairí náisiúnta agus spriocanna náisiúnta ann lena gcumhdaítear AMR (lena n-áirítear tomhaltas/úsáid fhrithmhiocróbach) agus HAInna, atá nasctha le NAP maidir le AMR, agus déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn: 5	
	— Barúlacha breise:	
B.12.4	**Na príomhdhúshláin** Faoi láthair, cad iad na dúshláin is mó a bhíonn roimh do Bhallstát maidir le haghaidh a thabhairt ar AMR? Roghnaigh trí dhúshlán, ansin rangaigh iad ó uimhir 3 - an ceann is tábhachtaí go dtí uimhir 1 - an ceann is lú tábhacht):	N/B
	Bearta coisctheacha agus rialaithe a chur chun feidhme sa ghnáthchleachtas	
	Teorainneacha buiséid	
	Comhordú na hAon Sláinte amháin a áirithiú ar fud na n-earnálacha éagsúla	
	Ní ann do chreat dlíthiúil nó ní leor é	
	Easpa acmhainní daonna	
	Teorainneacha bonneagair (e.g. easpa seomraí singile, seanfhoirgnimh ospidéil, etc.)	
	Feasacht neamhleor i measc páirtithe leasmhara amhail gairmithe cúraim sláinte, e.g. dochtúirí, altraí, cógaiseoirí, etc., coimeádaithe ainmhithe agus feirmeoirí agus an pobal i gcoitinne	
	Rochtain theoranta ar ábhair fhrithmhiocróbacha áirithe, e.g. antaibheathaigh chaolspeictrim agus ábhair fhrithmhiocróbacha núíosacha	
	— Barúlacha breise:	

B.12.5	**Orgánaigh tosaíochta atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí a chosc (MDROnna)** Maidir le horgánach frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí a chosc, sonraigh leibhéal do Bhallstáit thíos. Nóta: rinneadh na leibhéil thíos a oiriúnú bunaithe ar fhoclaíocht na Comh-mheastóireachta Seachtraí (JEE) ([8]), ceist P4.3 a thagraíonn d'orgánach atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí a chosc. Liostaítear thíos na MDROnna a bhreithnítear faoin táscaire sin, toisc go meastar iad a bheith criticiúil ar leibhéal an Aontais. Má mheasann Ballstát nach féidir lena chuid freagraí gach MDRO a chumhdach, is féidir é sin a shonrú sa roinn barúlacha thíos.	Táscaire 1-5
		Leibhéal
	Níor shainaithin na húdaráis náisiúnta na MDROnna (feinitíopaí agus géinitíopaí) sin mar thosaíocht, agus ní bhraitear iad	1
	Tá straitéis nó treoir náisiúnta ann maidir le srianadh MDRO agus áirítear leis scagadh coilínithe le haghaidh MDROnna tosaíochta (feinitíopaí agus géinitíopaí) a d'aithin údaráis náisiúnta. Is féidir le roinnt áiseanna sláinte MDROnna tosaíochta a bhrath bunaithe ar shonraí saotharlainne.	2
	Tá rochtain ag áiseanna sláinte roghnaithe ar dheimhniú feinitíopa MDRO. Tugann saoráidí fógra faoi leibhéil náisiúnta nuair a bhraitear MDROnna tosaíochta	3
	Tá rochtain ag gach áis sláinte ar dheimhniú feinitíopa MDRO. Tugann saoráidí fógra faoi leibhéil náisiúnta nuair a bhraitear MDROnna tosaíochta go tráthúil. Déantar freagraí a rianú agus tacaítear leo ar an leibhéal náisiúnta	4
	Tá córas feidhmiúil i bhfeidhm chun brath, deimhniú agus fógra faoi MDROnna núíosacha nó tosaíochta laistigh d'ospidéil agus chuig leibhéil náisiúnta a chur in iúl agus a rianú go tapa. Tá gach ospidéal in ann gníomhaíochtaí freagartha a sheoladh chuig MDROnna tosaíochta ar bhealach tráthúil. Cuireann saoráidí sonraí ábhartha MDRO in iúl go rialta do líonraí atreoraithe áitiúla chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí coisctheacha/srianta	5
	— Barúlacha breise:	
B.12.6	**MDROnna tosaíochta in ospidéil agus aistrithe othar trasteorann** Maidir le gníomhaíochtaí náisiúnta a bhaineann le hothair a scagadh le haghaidh iompar MDRO trátha iontrála isteach in ospidéal, mar bhealach chun leathadh MDROnna tosaíochta i measc ospidéal a laghdú, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit thíos. Nóta: Liostaítear thíos na MDROnna a bhreithnítear faoin táscaire sin, toisc go meastar iad a bheith criticiúil ar leibhéal an Aontais. Má mheasann Ballstát nach féidir lena chuid freagraí gach MDRO a chumhdach, is féidir é sin a shonrú sa roinn barúlacha thíos.	Táscaire 1-5
		Leibhéal
	Níl aon nós imeachta ná prótacal náisiúnta i bhfeidhm chun othair a scagadh le haghaidh iompar MDRO tráth iontrála isteach in ospidéal	1
	Tá nósanna imeachta agus prótacail náisiúnta i bhfeidhm do scagadh le haghaidh iompar MDRO d'othair amháin atá á n-aistriú go díreach ó ospidéal i dtír eile	2

([8]) Uirlis na Comh-Meastóireachta Seachtraí arna forbairt ag an tríú heagrán den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2022

	Tá nósanna imeachta agus prótacail náisiúnta i bhfeidhm do scagadh le haghaidh iompar MDRO d'othair amháin atá á n-aistriú go díreach ó ospidéal i dtír eile nó a chaith tréimhse in ospidéal i dtír eile le déanaí	3	
	Tá nósanna imeachta agus prótacail náisiúnta i bhfeidhm do scagadh le haghaidh iompar MDRO d'othair amháin atá á n-aistriú go díreach ó ospidéal i dtír eile nó a chaith tréimhse in ospidéal i dtír eile le déanaí, chomh maith le hothair a ghlactar isteach i mbardaí speisialta, amhail aonaid dianchúraim	4	
	Níl aon nós imeachta ná prótacal náisiúnta i bhfeidhm chun gach othar a scagadh le haghaidh iompar MDRO, tráth a nglactha isteach in ospidéal	5	
	— Barúlacha breise: An bhfuil ceanglais náisiúnta i bhfeidhm chun cumarsáid a dhéanamh maidir le stádas ionfhabhtaithe othair (i.e. faisnéis maidir le hionfhabhtú le miocrorgánach teagmhálach/iompar miocrorgánaigh teagmhálaigh, go háirithe MDROnna tosaíochta, nuair a atreoraítear iad ó ospidéal (nó ó shaoráid cúraim sláinte) amháin chuig ospidéal eile? (tá/níl/eile) — Tá, i gcás aistrithe trasteorann chomh maith le haistriú chuig ospidéal (nó saoráid cúraim sláinte) laistigh den tír — Níl, ach amháin i gcás aistrithe trasteorann — Níl (mínigh) — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:		
B.12.7	**Maoirseacht fhrithmhiocróbach/úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach** i gcúram príomhúil agus tánaisteach: Maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cógais fhrithmhiocróbacha i sláinte an duine, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit thíos. Nóta: rinneadh leibhéil na dtáscairí thíos a oiriúnú bunaithe ar fhoclaíocht na Comh-mheastóireachta Seachtraí (JEE) ([9]), ceist P4.4 a thagraíonn don úsáid is fearr is féidir a bhaint as cógais fhrithmhiocróbacha i sláinte an duine		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Easpa beartais agus/nó rialacháin náisiúnta nó beartas agus/nó rialacháin náisiúnta laga maidir le húsáid, infhaighteacht, cáilíocht agus úsáid iomchuí ábhair fhrithmhiocróbacha i sláinte an duine	1	
	Forbraítear beartas agus rialacháin náisiúnta a chuireann úsáid iomchuí ábhair fhrithmhiocróbacha/gníomhaíochtaí maoirseachta iomchuí ábhair fhrithmhiocróbacha chun cinn don phobal agus do shuíomhanna cúraim sláinte	2	
	Tá treoirlínte maidir le húsáid iomchuí ábhair fhrithmhiocróbacha ar fáil agus bunaítear cláir mhaoirseachta ábhair fhrithmhiocróbacha i roinnt áiseanna cúraim sláinte. Glactar le haicmiú antaibheathach "Rochtain, Faire agus Cúltaca" (AWaRe) is déanaí de chuid EDS ar an liosta náisiúnta de na cógais riachtanacha	3	
	Cuirtear treoirlínte agus cleachtais chun úsáid iomchuí ábhair fhrithmhiocróbacha a chumasú chun feidhme in áiseanna cúraim sláinte ar fud na tíre. Feidhmiú clár maoirseachta AMR i ngach mór-áis cúraim sláinte. Tá faireachán á dhéanamh ar thomhaltas antaibheathach agus é bunaithe ar aicmiú AWaRe is déanaí ar antaibheathaigh	4	
	Cuirtear treoirlínte maidir le húsáid antaibheathach a bharrfheabhsú chun feidhme do gach mórshiondróm agus déantar sonraí maidir le húsáid a thabhairt ar ais go córasach d'oideasóirí. Déantar aicmiú AWaRe ar antaibheathaigh a ionchorprú i straitéisí maoirseachta ar ábhair fhrithmhiocróbacha. Tá faireachán stóinseach náisiúnta á dhéanamh ar thomhaltas antaibheathach	5	
	— Barúlacha breise:		

([9]) Ibid

B.12.8	**Faireachas ar HAInna** Maidir leis an bhfaireachas ar HAInna, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit thíos. Nóta: rinneadh leibhéil na dtáscairí thíos a oiriúnú bunaithe ar fhoclaíocht na Comh-mheastóireachta Seachtraí (JEE) ([10]), ceist P4.2 a thagraíonn don fhaireachas ar AMR		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Gan aon acmhainneacht nó acmhainneacht theoranta chun sonraí a ghiniúint, a chomhthiomsú agus a thuairisciú (tástáil ar shoghabhálacht antaibheathach agus sonraí cliniciúla agus eipidéimeolaíocha a ghabhann léi)	1	
	Déantar sonraí AMR a thiomsú go háitiúil le haghaidh pataiginí coitianta in othair atá in ospidéal agus in othair phobail, ach d'fhéadfadh sé nach n-úsáidfeadh bailiú sonraí cur chuige caighdeánach agus go bhfuil easpa comhordaithe náisiúnta agus/nó bainistíochta cáilíochta ann	2	
	Déantar sonraí AMR a chomhthiomsú go náisiúnta le haghaidh pataiginí coitianta, ach tá comhordú agus caighdeánú náisiúnta in easnamh	3	
	Tá córas náisiúnta caighdeánaithe faireachais AMR ann a bhailíonn sonraí maidir le pataiginí coitianta in othair atá in ospidéal agus in othair phobail, le líonra bunaithe de láithreáin faireachais, saotharlann tagartha náisiúnta ainmnithe do AMR agus ionad comhordaithe náisiúnta a tháirgeann tuarascálacha ar AMR	4	
	Sa bhreis ar an méid thuas, déantar sonraí an chórais náisiúnta faireachais AMR a anailísiú, a léirmhíniú agus a thuairisciú in éineacht le tomhaltas frithmhiocróbach agus/nó sonraí úsáide do shláinte an duine, agus déantar iarracht anailís a dhéanamh ar shonraí comhchosúla ar fud earnálacha (sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus talmhaíocht)	5	
	— Barúlacha breise:		

([10]) Ibid

Ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte (HAInna)

	Ceist		Táscaire
B.12.9	**Na príomhdhúshláin** Faoi láthair, cad iad na dúshláin is mó a bhíonn roimh do thír maidir le haghaidh a thabhairt ar ionfhabhtuithe atá bainteach leis an gcúram sláinte (HAInna)? Roghnaigh trí dhúshlán, ansin rangaigh iad ó uimhir 3 - an ceann is tábhachtaí go dtí uimhir 1 - an ceann is lú tábhacht):		N/B
	Bearta coisctheacha agus rialaithe a chur chun feidhme sa ghnáthchleachtas		
	Teorainneacha buiséid		
	Ní ann do chreat dlíthiúil nó ní leor é		
	Easpa acmhainní daonna		
	Teorainneacha bonneagair (e.g. easpa seomraí singile, seanfhoirgnimh ospidéil, etc.)		
	Feasacht neamhleor i measc gairmithe cúraim sláinte, e.g. dochtúirí, altraí, cógaiseoirí, etc. agus an pobal i gcoitinne		
	Rochtain theoranta ar ábhair fhrithmhiocróbacha áirithe, e.g. antaibheathaigh chaolspeictrim agus ábhair fhrithmhiocróbacha núíosacha		
	— Barúlacha breise:		
B.12.10	**Faireachas ar HAInna** Maidir leis an bhfaireachas ar HAInna, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit thíos. Nóta: rinneadh leibhéil na dtáscairí thíos a oiriúnú bunaithe ar fhoclaíocht na Comh-mheastóireachta Seachtraí (JEE) ([11]), ceist P4.2 a thagraíonn don fhaireachas ar HAInna		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon chlár faireachais náisiúnta ar HAInna ná aon phlean straitéiseach náisiúnta maidir le faireachas ar HAInna, lena n-áirítear pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus/nó atá i mbaol ráigeanna, ar fáil nó á fhorbairt	1	
	Tá plean straitéiseach náisiúnta maidir le faireachas ar HAInna (lena n-áirítear pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus/nó atá i mbaol ráigeanna) ar fáil ach ní chuirtear chun feidhme é	2	
	Tá plean straitéiseach náisiúnta maidir le faireachas ar HAInna (lena n-áirítear pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus/nó atá i mbaol ráigeanna) ar fáil agus curtha chun feidhme trí chlár agus córas náisiúnta chun sonraí a bhailiú, a anailísiú agus aiseolas a thabhairt ina leith. Tá saoráidí cúraim sláinte tánaisteacha agus treasacha roghnaithe i mbun faireachais ar HAInna (mar a shonraítear thuas) agus tugann siad aiseolas tráthúil agus rialta don bhainistíocht shinsearach agus d'oibrithe sláinte	3	

([11]) Ibid

	Tá plean straitéiseach náisiúnta maidir le faireachas ar HAInna (lena n-áirítear pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus/nó atá i mbaol ráigeanna) ar fáil agus curtha chun feidhme ar fud na tíre i ngach saoráid cúraim sláinte thánaistigh agus threasaigh trí chóras náisiúnta de réir mholtaí EDS maidir le príomh-chomhpháirteanna um Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú (IPC). Tá tuairiscí rialta ar fáil chun aiseolas a chur ar fáil	4	
	Tá plean straitéiseach náisiúnta maidir le faireachas ar HAInna (lena n-áirítear pataiginí atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus/nó atá i mbaol ráigeanna) ar fáil agus curtha chun feidhme ar fud na tíre i ngach saoráid cúraim sláinte thánaistigh agus threasaigh trí chóras náisiúnta de réir mholtaí EDS maidir le príomh-chomhpháirteanna um Ionfhabhtú a Chosc agus a Rialú (IPC). Roinntear sonraí agus úsáidtear iad go leanúnach agus ar bhealach tráthúil chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí coisctheacha. Déantar cáilíocht agus tionchar an chórais a mheas go rialta, agus déantar bearta feabhsúcháin dá réir	5	
	— Barúlacha breise:		

13. **Feidhmeanna comhordúcháin agus tacaíochta ar leibhéal an Aontais**

	Ceist	Táscaire
B.13.1	An ionchorpraítear le hionstraimí dlí do Bhallstáit maidir le freagairt sláinte ar éigeandáil sláinte poiblí comhordú agus comhar ag comhéadan náisiúnta agus comhéadan an Aontais le linn éigeandáil sláinte poiblí? (ionchorpraítear/ní ionchorpraítear/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
B.13.2	Le linn éigeandáil sláinte, an ionchorpraítear ionadaí Coiste Slándála Sláinte do Bhallstáit i struchtúir chomhordúcháin ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe chun tacú leis an sreabhadh faisnéise idir do Bhallstát agus an Coiste Slándála Sláinte? (ionchorpraítear/ní ionchorpraítear/eile) — Mura n-ionchorpraítear, cén ról atá ag ionadaí an Choiste Slándála Sláinte sa fhreagairt éigeandála náisiúnta agus mura bhfeidhmíonn siad mar idirchaidreamh leis an gCoiste Slándála Sláinte le linn éigeandálaí sláinte poiblí, cé a fheidhmíonn? — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
B.13.3	An bhfuil Ionad Oibríochtaí Éigeandála Sláinte Poiblí do Bhallstáit nó IMS idir-inoibritheach leis an modúl um Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha le haghaidh bainistiú teagmhas agus/nó bhainistiú géarchéime? (tá/níl/eile) — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:	N/B
B.13.4	Le 3 bliana anuas, ar ionchorpraigh nó ar thug do Bhallstát aird ar thuairimí agus ar threoir ón gCoiste Slándála Sláinte maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chosc agus a rialú? (d’ionchorpraigh/níor ionchorpraigh/eile/d’ionchorpraigh go páirteach) — Má d’ionchorpraigh, déan cur síos air: — Murar ionchorpraigh, cén fáth? — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — Má d’ionchorpraigh go páirteach, déan cur síos air:	N/B
B.13.5	Le 3 bliana anuas, ar ionchorpraigh nó ar thug do Bhallstát aird ar mholtaí an Choimisiúin maidir le bearta sláinte poiblí sealadacha comhchoiteanna? (d’ionchorpraigh/níor ionchorpraigh/eile/d’ionchorpraigh go páirteach) — Má d’ionchorpraigh, déan cur síos air: — Murar ionchorpraigh, cén fáth? — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air: — Má d’ionchorpraigh go páirteach, déan cur síos air:	N/B

B.13.6	Le 3 bliana anuas, ar ionchorpraigh nó ar thug do Bhallstát aird ar mholtaí ón ECDC maidir le freagairt ar bhagairtí sláinte? (d'ionchorpraigh/níor ionchorpraigh/eile/d'ionchorpraigh go páirteach) — Má d'ionchorpraigh, déan cur síos air: — Murar ionchorpraigh, cén fáth? — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: — Má d'ionchorpraigh go páirteach, déan cur síos air:	N/B
B.13.7	Sonraigh an mbreithnítear na róil tacaíochta, na feidhmeanna agus na hionstraimí tacaíochta seo a leanas de chuid an Choimisiúin agus de chuid ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí ábhartha an Aontais i bpróiseas pleanála ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit:	N/B

	breithnítear/ní bhreithnítear
Tacaíocht Aslonnaithe Leighis tríd an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha	
An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) le haghaidh tacaíochta consalachta agus aisdúichithe	
An Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) agus a hacmhainneachtaí tacaíochta, lena n-áirítear iad siúd i gcúlchiste ResEU chomh maith le Tionscadail um Chosc agus Ullmhacht an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta (e.g. tairiscintí agus deontais maidir le tionscadail sláinte trasteorann a fhorbairt)	
An Ard-Stiúrthóireacht um an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le Éigeandáil Sláinte maidir le tacaíocht do thaighde agus d'fhorbairt frithbheart leighis, do mhonarú, do tháirgeadh, do stoc-charnadh agus d'imscaradh (AS HERA)	
Oifig Éigeandála AS HERA	
Ionstraimí chun cistiú ón Aontas Eorpach le haghaidh taighde thapa a shlógadh	
Measúnú Riosca an ECDC	
Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA)	
Measúnú Riosca an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)	
Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA)	
Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA)	
Measúnú Riosca an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)	
Measúnuithe riosca arna ndéanamh i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) i gcás ina bhfuil an bhagairt ag teacht ó ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó ó ghníomhaíocht choiriúil	
Tuarascálacha teicniúla agus treoir an ECDC	
Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde	
Tacaíocht ad hoc an ECDC maidir le hullmhacht agus freagairt ar ráigeanna (e.g. Tascfhórsa Sláinte an Aontais)	
Saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh	
Eile, sonraigh:	
— Barúlacha breise:	

B.13.8	— An gcuireann do Bhallstát san áireamh plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 5 () de Rialachán (AE) 2022/2371, trí eilimintí ullmhachta trasteorann idir-réigiúnacha i bplean ullmhachta agus freagartha do Bhallstáit, nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha dá chuid? Má d'ionchorpraigh, déan cur síos air: — Murar ionchorpraigh, cén fáth? — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air:	N/B

14. **Forbairt taighde agus meastóireachtaí chun eolas a dhéanamh don ullmhacht éigeandála agus dlús a chur léi**

	Ceist		Táscaire
B.14.1	Maidir le ról an taighde sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha, sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit:		Táscaire 1-5 nó N/B
		Leibhéal	
	Ní féidir leis an mBallstát an cheist a fhreagairt mar nach bhfuil plean ullmhachta agus freagartha ná doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha ag an mBallstát	N/B	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm, ach ní chuimsítear ann straitéis maidir le taighde agus nuálaíocht éigeandála	1	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm ina gcuimsítear straitéis le haghaidh taighde agus nuálaíocht éigeandála, ach níor cuireadh aon chistiú i leataobh chun taighde a dhéanamh le linn éigeandálaí sláinte	2	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm ina gcuimsítear straitéis le haghaidh taighde agus nuálaíocht éigeandála, agus cuireadh cistiú i leataobh chun taighde a dhéanamh le linn éigeandálaí sláinte	3	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm ina gcuimsítear straitéis le haghaidh taighde agus nuálaíocht éigeandála, cuireadh cistí i leataobh chun taighde a dhéanamh le linn éigeandálaí sláinte agus tá próiseas i bhfeidhm chun iad a shlógadh go tapa	4	
	Tá plean ullmhachta agus freagartha nó doiciméad coibhéiseach/doiciméid choibhéiseacha i bhfeidhm ina gcuimsítear straitéis le haghaidh taighde agus nuálaíocht éigeandála, cuireadh cistí i leataobh le haghaidh éigeandálaí sláinte, tá próiseas i bhfeidhm chun iad a shlógadh go tapa agus neartaíodh acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta	5	
	— Más tá sé ar leibhéal 2 nó os a chionn sin: an bhfuil próiseas san áireamh sa straitéis maidir le taighde agus nuálaíocht éigeandála (sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha) chun riachtanais sláinte poiblí a nascadh le tosaíochtaí agus riachtanais taighde? (tá/níl/eile) — Má tá, déan cur síos ar an bpróiseas sin — Más "eile" atá i gceist, déan cur síos air: — Barúlacha breise:		

B.14.2	An bhfuil do Bhallstát mar chuid de líonra i) náisiúnta, ii) ar fud an Aontais nó líonra iii) idirnáisiúnta de láithreacha trialach cliniciúla nó mar chuid de chohóirt trialach cliniciúla chun rannpháirtíocht i dtrialacha mórscála a chur chun cinn a bhfuil níos mó seans acu torthaí fiúntacha a bhaint amach i dtráthchláir theoranta? (tá/níl/eile) — Má tá, sonraigh (ainm agus leibhéal)				N/B
		Náisiúnta	Ar fud an Aontais	Idirnáisiúnta	
	Láithreacha na Trialach Cliniciúla				
	Líonra idirnáisiúnta de chohóirt				
	— Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:				
B.14.3	An bhfuil próisis i bhfeidhm ag do Bhallstát chun prótacail chomhchuibhithe agus bailiú sonraí a bhunú laistigh de na líonraí sin? (tá/níl/eile) — Má tá, sonraigh cé na próisis: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:				N/B
B.14.4	An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag do Bhallstát maidir le mearchreidiúnú láithreacha agus maidir le d measúnú agus údarú trialach cliniciúla comhordaithe brostaithe (idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus na coistí eitice) i gcás éigeandáil sláinte poiblí? (tá/níl/eile) — Má tá, sonraigh iad, lena n-áirítear comhar le coistí eitice: — Más “eile” atá i gceist, déan cur síos air:				N/B
B.14.5	Cuir in iúl má tá cur chuige ag do Bhallstát maidir le taighde oibríochtúil (e.g. i nbun gnímh) lena n-áirítear:				N/B
			Tá	Níl	
	Ullmhacht taighde, lena n-áirítear prótacail, comhpháirtíochtaí, róil agus freagrachtaí réamhdheartha i bhfeidhm roimh éigeandáil sláinte				
	I gcás éigeandáil sláinte poiblí, tá ionstraimí oibríochtúla i bhfeidhm ionas go mbeidh acmhainní a bhfuil gá leo ar fáil le modhanna le haghaidh cistiúcháin mhear				
	I gcás éigeandáil sláinte poiblí, tá ionstraimí oibríochtúla i bhfeidhm le haghaidh cead eiticiúil tapa agus comhroinnt sonraí				
	— Barúlacha breise:				

15. **Eilimintí téarnaimh**

	Ceist		Táscaire
B.15.1	Maidir le plean téarnaimh nó rannóg téarnaimh do Bhallstáit i do phlean ullmhachta agus freagartha coisc nó i do dhoiciméad coibhéiseach/ dhoiciméid choibhéiseacha, sonraigh leibhéal do Bhallstáit:		Táscaire 1-5
		Leibhéal	
	Níl aon phlean téarnaimh ná rannóg téarnaimh sa phlean ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach/sna doiciméid choibhéiseacha atá ar fáil	1	
	Plean téarnaimh nó rannóg téarnaimh atá ar fáil	2	
	Cuimsíonn plean nó rannóg téarnaimh nó naisc le próiseas chun ceachtanna a ghabháil ag baint úsáid as Athbhreithnithe Tar Éis Gnímh (AARanna) nó Athbhreithnithe Idirghnímh (IARanna), agus iad a leabú i gcleachtas trí phlean gníomhaíochta	3	
	Áirítear sa phlean téarnaimh nó naisc chuig próiseas chun ceachtanna a ghabháil trí úsáid a bhaint as AARanna nó IARanna agus iad a leabú i gcleachtas faoi chreat uileghabhálach amhail an Phleanáil Gníomhaíochta Náisiúnta um Shlándáil Sláinte (NAPHS) nó a choibhéis. Cuirtear an próiseas sin chun feidhme agus déantar faireachán tráthrialta air ar an leibhéal náisiúnta	4	
	Áirítear sa téarnamh nó nascann sé le próiseas chun ceachtanna a ghabháil trí úsáid a bhaint as AARanna NÓ IARanna agus iad a leabú i gcleachtas trí NAPHS nó a choibhéis. Cuirtear an próiseas sin chun feidhme agus déantar faireachán tráthrialta air ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach (fonáisiúnta)	5	
	— Barúlacha breise:		

16. **Gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun feabhas a chur ar bhearnaí a aimsíodh i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha**

	Ceist		Táscaire
B.16.1	Uaslódáil Tuarascáil Bhliantúil IHR is déanaí an Stáit Chonarthaigh de chuid do Bhallstáit arna cur isteach ag Pointe Fócasach Náisiúnta IHR agus chuig an EDS i bhformáid pdf		Táscairí IHR
B.16.2	Léirigh cé acu a d'úsáid nó nár úsáid do Bhallstát aon cheann de na sásraí comhlántacha seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme acmhainneachtaí IHR agus pleanáil choisc, ullmhachta agus freagartha le 3 bliana anuas: *Cuir tic de réir mar is iomchuí:*		N/B
		Curtha i gcrích le 3 bliana anuas? (D'úsáid/Níor úsáid) (Má foilsíodh é, cuir nasc ar fáil)	
	Comh-mheastóireacht Sheachtrach		
	Athbhreithnithe le linn gnímh		

	Athbhreithnithe tar éis gnímh		
	SimEx		
	Comh-Mheasúnú agus Brathadóireacht Teagmhas		
	Eile: sonraigh		
B.16.3	Sonraigh leibhéal comhfhreagrach do Bhallstáit maidir leis an NAPHS atá beartaithe ag an EDS nó ag córas coibhéiseach:		Táscaire 1-5
		leibhéal	
	Níl NAPHS nó córas coibhéiseach forbartha ná á fhorbairt	1	
	Tá NAPHS nó córas coibhéiseach forbartha ach nach bhfuil ina iomláine fós ag an rialtas agus ag aon sláinte amháin maidir le cur chuige gach guaise ailínithe	2	
	Déantar NAPHS nó córas coibhéiseach a fhorbairt agus a ailíniú le cur chuige iomlán an rialtais agus aon sláinte amháin maidir le gach guais lena n-áirítear róil shainithe, freagrachtaí, agus sásra comhoibritheach	3	
	Déantar NAPHS nó córas coibhéiseach a fhorbairt agus a ailíniú leis an rialtas ina iomláine agus le haon sláinte amháin maidir le cur chuige gach guaise lena n-áirítear sainmhínithe ar róil, freagrachtaí, agus sásraí comhoibríocha. Ina theannta sin, tá costáil déanta ar an bPleanáil Gníomhaíochta Náisiúnta um Shlándáil Sláinte nó ar chóras coibhéiseach	4	
	De réir leibhéal 4 agus, ina theannta sin, tá gníomhaíocht amháin ar a laghad atá beartaithe á cur chun feidhme	5	
	— Barúlacha breise: — Más rud é gur leibhéal 1 atá i gceist: cuir in iúl má tá sé i gceist ag do Bhallstát Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shlándáil Sláinte nó córas coibhéiseach a thionscnamh: — Gach leibhéal: mura n-úsáideann do Bhallstát an Phleanáil Gníomhaíochta Náisiúnta um Shlándáil Sláinte, tabhair tuairisc ar an gcóras coibhéiseach:		

C. **Eile**

C.1	Tabhair tuairisc ar do chuid smaointe maidir leis na gníomhaíochtaí breise a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh chun tacú le cosc, ullmhacht, freagairt agus pleanáil téarnaimh ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chur chun feidhme:
C.2	Tabhair aon bharúil nó soiléiriú maidir leis na ceisteanna thuas agus, má mheastar gur gá, liostáil aon ghníomhaíoch ábhartha a rinne do thír nó tabhair faisnéis bhreise a bhaineann le hábhar an cheistneora seo: